trí shaol na saol. **Amen.**

Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.
**Agus le do spiorad féin.**

**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.**
**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.**
**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.**

Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain. Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.
**A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.**

**Iarchomaoineach**

Beirimid buíochas leat, a Thiarna, ar son do thabhartas dúinn. Go dté do shlánú i bhfeidhm orainn a mhinice a ghabhaimid páirt san Aifreann. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

***An Deasghnáth Deiridh***

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**

Imígí faoi shíocháin ag glóiriú anTiarna le bhur mbeatha.
**Buíochas le Dia.**

## Fáilte Romhat, A Rí an Domhnaigh Bheannaithe

Fáilte romhat, a Rí an Domhnaigh bheannaithe,
Lá breá aoibhinn cois bruach na farraige.
Fáilte romhat, a Réalt gheal na mara,
Lá breá aoibhinn d'fhonn Críost a agallamh.

Fáilte romhat, a Dhia na gil' 'sna gréine,
'Thug an lá dhúinn le grá 's le féile.
Fáilte romhat a Mhaighdean ghlórmhar ghléigeal,
Stiúraigh muide chuig tAon Mhac Íosa.

## A Mhuire Mháthair.

A Mhuire 'Mhathair,'sé seo mo ghuí, Go maire Íosa go deo 'mo chroí.

***Avé Maria, mo ghrá, Ave, Is tusa mo mháthair is máthair Dé.***

A Mhuire 'Mháthair, i rith mo shaoil, Bí liom mar dhídean ar gach aon bhaol. (*Curfá)*

A Mhuire 'Mháthair 'tá lán de ghrást', Go raibh tú taobh liom ar uair mo bháis. (*Curfá)*

**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**

*i gCill Éinde, An Spidéal*
Gach Sathairn 10am—11am
***Fáilte roimh chuile dhuine.***

# SAOIRE
# jikl
Beidh an oifig dúnta ó 4/7/2024 go dtí Dé Máirt 23/7/2024.



# Paróiste An Spidéil
## An Cúigiú Domhnach Déag B
## 14 Iúil 2024

An Ath. Daniel Gallagher
www.cilleinde.ie
**Uaireanta Oifige:** Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00rn –2.00in
Oifig: 083 8126745 *Ríomhphost:* cilleinde@outlook.ie

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

| | | | |
|---|---|---|---|
| ⌖ | | | **CILL ÉINDE, AN SPIDÉAL** |
| Dé Sathairn | 13ú | 6.00i.n. | Colm Ó Cadhain **Céad Cuimhneacháin** *Cnocán Glas*<br>Seán Ó Cualáin *Salahoona* |
| Dé Domhnaigh | 14ú | 11:00r.n | Eileen Cantillon **Bás le gairid** *Mainistir dTorna Ciarraí* |
| Dé Luain | 15ú | 10.00r.n. | |
| Dé Máirt | 16ú | 10.00r.n. | |
| Dé Céadaoin | 17ú | 10.00r.n. | |
| Dé Sathairn | 20ú | 6.00i.n. | Seán Ó Neachtain **Ceathrú Cuimhneacháin** *Baile Ard*<br>Maidhcín (dan) Ó Droighneáin *Tuar Beag* **Céad Cuimneacháin** |
| Dé Domhnaigh | 21ú | 11.00r.n. | Gerry (Joein) Folan *An Spidéal Thiar*<br>Tomás Ó Ceidigh (Seán) *Seanaghurráin* |
| ⌖ | | | **CILL TREASA, ROS A' MHÍL** |
| Dé Sathairn | 13ú | 7.30i.n. | Micheál Ó Coisdealbha & amhac Pádraic *Na Doireadh* |
| Dé Sathairn | 20ú | 7.30 i.n | Sr. Helen King *Holy Rosary Sister* *Nigeria/Ethiopia* |
| ⌖ | | | **CILL MHUIRE, NA MINNA** |
| Dé Domhnaigh | 14ú | 9.30r.n. | *Missa Pro Populo* |
| Dé Domhnaigh | 21ú | 9.30r.n. | Mary Dillane **16ú Cuimhneacháin** *Minna*<br>Pádraic Ó Márta *Minna* |

**Na DeasghnáthaTosaigh**

In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. **Amen.**

**Gníomh Aithrí**

A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.

**Admhaím do Dhia uilechumhachtach,**
**agus daoibhse a bhráithre,**
**gur pheacaigh mé go trom,**
**le smaoineamh agus le briathar,**
**le gníomh agus le faillí,**
**tri mo choir féin, trí mo choir féin,**
**trí mo mhórchoir féin.**
**Ar an ábhar sin,**
**impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,**
**ar na hAingil agus ar na Naoimh,**
**agus oraibhse, a bhráithre,**
**guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

***An Ghlóir***

Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;**
**tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**

A Dhia, nochtann tú solas d'fhírinne dá mbíonn ar seachrán, ionas gur féidir leo filleadh ar an mbóthar mór; deonaigh do gach duine a áirítear ina Chríostaí de réir a dhearbhaithe, a bhfuil díobhálach don ainm sin a sheachaint, agus gach is dual dó a chleachtadh. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

***Liotúirge an Bhriathair***

**An Chéad Léacht**

*Sliocht as leabhar Amós Fáidh - 7:12-15*

Dúirt Amasía le hAmós: 'Imigh leat, a fháidh, fill ar thír Iúda; saothraigh do chuid aráin ansin, déan do chuid tairngreachta ansin. Níl do thairngreacht uainn anseo i mBétél; sanctóir an rí agus teampall na ríochta is ea an áit seo .' D'fhreagair Amós Amasía ansin: 'Ní fáidh mé ná mac fáidh, ach aoire agus coimeádaí seiceamar; ach ba é an Tiarna a thóg mé ón bhuachailleacht agus ba é a dúirt liom: "Téigh agus tairngir do mo phobal Iosrael."'

Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 84

***Fr:*** *Taispeáin dúinn, a Thiarna, do thrócaire*
*agus tabhair dúinn do shlánú.*

1. Éistfidh mé leis an ní a déarfaidh an Tiarna Dia;
déarfaidh sé go deimhin lena phobal: 'Síocháin daoibh.'

   Tá a shlánú i ngar do lucht a eaglaithe
chun go gcónóidh an ghlóir inár dtír. (Fr)

2. Casadh ar a chéile an trócaire is an dílseacht,
phóg an fhíréantacht is an tsíocháin a chéile.
Eascróidh an dílseacht as an talamh
agus breathnóidh an fhíréantacht anuas ó neamh.(Fr)

3. Tabharfaidh an Tiarna fós an mhaith,
agus tabharfaidh an talamh a thoradh uaidh.
Rachaidh an fhíréantacht roimhe amach,
agus an tsíocháin i lorg a choiscéimeanna. (Fr)

**An Dara Léacht**

*Sliocht as litir N. Pól chuig na hEifísigh - 1:3-14*

Moladh le Dia, le hAthair ár dTiarna Íosa Críost, a bhronn orainn, i bpáirt le Críost, gach tabhartas spioradálta ó na flaithis. Roimh thúsú an domhain roghnaigh sé sinn i bpáirt le Críost chun bheith naofa gan locht os a chomhair. Le barr grá dúinn leag sé amach ó thús de réir mhian a thola féin go mbeimisne inár gclann aige trí Íosa Críost, i dtreo go molfaimis é as an ngrásta as cuimse a roinn sé orainn go fras i bpáirt lena Mhac muirneach. Is i bpáirt leis an Mac sin, as ucht a chuid fola, atá ár bhfuascailt faighte againne agus maithiúnas ár gcionta, de bharr iomadúlacht an ghrásta a bhronn sé orainn go fial. Le teann eagna agus gaoise nocht sé dúinn rún a thola- an scéim a bhí leagtha amach aige ó thús lena cur i gcrích i gCríost nuair a bheadh an t-ionú tagtha- mar atá, gach a bhfuil ar neamh agus ar talamh a thabhairt faoi cheannas Chríost.

Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Alleluia, alleluia!
Labhair, a Thiarna, tá do sheirbhíseach ag éisteacht:
is agatsa atá briathra na beatha síoraí.
Alleluia!

**Soiscéal**

*Go raibh an Tiarna libh.* **Agus leat féin.**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Marcas 6:7-13*
**Glóir duit, a Thiarna.**

Ghlaoigh Íosa an dáréag chuige agus thosaigh á gcur amach ina mbeirt agus ina mbeirt, agus thug údarás dóibh ar na spioraid mhíghlana. D'ordaigh sé dóibh gan aon ní a bhreith leo i gcomhair an bhóthair ach amháin bata - arán ná tiachóg ná airgead sa chrios; ach cuaráin a chur orthu, 'agus ná cuirigí dhá ionar oraibh.' Agus dúirt sé leo: 'Cibé áit a dtéann sibh isteach i dteach, cuirigí fúibh ann nó go mbeidh sibh ag fágáil na háite. Agus áit ar bith nach nglacfaidh sibh agus nach áil leo éisteacht libh, gabhaigí amach as sin agus croithigí an deannach atá faoi bhur gcosa mar fhianaise ina n-aghaidh.' Agus ar dhul amach dóibh d'fhógair siad aithrí a dhéanamh agus chaitheadar amach mórán deamhan agus rinneadar mórán othar a ungadh le hola agus leigheas siad iad.

Soiscéal an Tiarna. **Moladh duit, a Chríost.**

***An Chré***

**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,**
**agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

***Liotúirge na hEocairiste***

Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht
an t-arán seo a ofrálaimid duit:
an talamh agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de arán na beatha dúinn.
**Moladh go deo le Dia.**

Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht
an fion seo a ofrálaimid duit: an fhíniúin agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de deoch spioradálta dúinn.
**Moladh go deo le Dia.**

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,**
**chun onóra agus glóire a ainm,**
**chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**

**Os Cionn na nOfrálacha**

A Thiarna, glac leis na tabhartais seo ó d'Eaglais. Go méadaí an tAifreann seo ár gcreideamh agus go dtreisí sé naofacht ár mbeatha. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

PAIDIR EOCAIRISTEACH

*Go raibh anTiarna libh.* **Agus le do spiorad féin.**
*Tógaigí bhur gcroíthe in airde.*
**Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.**
*Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.*
**Is ceart agus is cóir sin.**

**Is Naofa, Naofa, Naofa thú, aThiarna Dia na Slua.**
**Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.**
**Hósanna sna harda.**
**Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm anTiarna.**
**Hósanna sna harda.**
Rúndiamhair an chreidimh.
**A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.**

Is tríd agus leis agus ann a thugtar gach onóir agus glóir duitse, a Dhia, an tAthair uilechumhachtach,
in aontacht an Spioraid Naoimh, trí shaol na saol. **Amen.**

***Deasghnáth na Comaoineach***

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:
**Ár nAthair atá ar neamh......**
Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna.
Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn,
ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire,
saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt
agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus
le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

**Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.**
A Thiarna Íosa Críost, a dúirt le d'Aspail: Fágaim síocháin agaibh, tugaim daoibh mo shíocháin: ná féach ar ár bpeacaíne ach ar chreideamh d'Eaglaise; deonaigh síocháin a thabhairt di agus í a aontú, faoi mar is toil leat féin, tusa a mhaireann agus a rialaíonn